NA HACHTANNA UM PLEANÁIL & FORBAIRT, 2000 (arna leasú)
NA RIALACHÁIN PHLEANÁLA & FORBARTHA, 2001 (arna leasú) – Cuid 8

Iarratasóir: Comhairle Cathrach na Gaillimhe – Roinn Tithíochta
Suíomh: 211 Arda Thír Oileáin, Bóthar Áth Cinn, Gaillimh

Togra:
De réir Chuid X1 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus Cuid 8, Airteagal 81 de na Rialacháin Phleanála agus Forbartha, 2001 (arna leasú) tugann Comhairle Cathrach na Gaillimhe fógra leis seo maidir le haonad tithíochta sóisialta ar thailte tadhlach le 211 Arda Thír Oileáin, Bóthar Áth Cinn, Gaillimh.

Cuimseofar san fhorbairt:

(a) 1 aonad cónaithe shóisialta ina gcuimsítear teaghais aon stóir dhá leaba do 4 dhuine agus na hoibreacha forbartha tacaíochta gaolmhara ar fad lena n-áirítear (i) 2 spás páirceála eas-sráide; (ii) tírdhreachú; (iii) comharthaíocht shealadach tógála; (iv) comharthaíocht eastáit; agus (v) na hoibreacha láithreáin gaolmhara ar fad.

Beidh pleananna agus mionsonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh nó le ceannach le haghaidh táille nach mó ná an costas réasúnach a bhainfeadh le cóip a dhéanamh le haghaidh tréimhse **4 seachtaine ó Déardaoin, an 1 Iúil 2021** suas go dtí agus lena n-áirítear **Déardaoin, an 29 Iúil 2021** i rith uaireanta oscailte poiblí san Oifig Pleanála, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, **TRÍ CHOINNE AMHÁIN** idir 9:00am agus 4:00 pm, Luan go hAoine, seachas Laethanta Saoire Bainc.
Más mian leat coinne a dhéanamh, déan teagmháil leis an oifig pleanála ag an uimhir 091 536599 nó seol ríomhphost chuig planning@galwaycity.ie

Is féidir aighneachtaí nó breathnóireachtaí i scríbhinn maidir leis an bhforbairt bheartaithe ag déileáil le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina bhfuil an fhorbairt suite a sheoladh tráth nach déanaí ná: **4.00 p.m. ar an Déardaoin, an 12 Lúnasa 2021** chuig:
An Pleanálaí Sinsearach, An Roinn Pleanála, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig planning@galwaycity.ie.
Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm leis an Acht um Shaoráil Faisnéise i ndáil le gach taifead atá á choimeád ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Dermot Mahon
Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí
Tithíocht, An Timpeallacht & Athrú Aeráide, Páirceanna & Áineas

Arna dhátú an 1 Iúil 2021